**RABHADH**

**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 7 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 - 11.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG cheist laistigh**

- Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar na leathanaigh 14 agus 15*
  Freagair na codanna (A) agus (B)
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

## CEIST 1

**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA** **(12 mharc)**

**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) Gaillimh | ☐ | (b) Béal Feirste | ☐ | |
| (c) Baile Átha Cliath | ✓ | (d) Port Láirge | ☐ | (1) |

***1.*** Tomhaistear teocht:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) i milleabair | ☐ | (b) i gcileagraim | ☐ | |
| (c) i méadair | ☐ | (d) i gcéimeanna | ☐ | (1) |

***2.*** Úsáidtear roth tomhais chun tomhas a dhéanamh:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) ar fhána | ☐ | (b) ar fhad | ☐ | |
| (c) ar chéimeanna | ☐ | (d) ar threo | ☐ | (1) |

***3.*** Tá Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Sligeach, agus Port Láirge tógtha le hais:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) lochanna | ☐ | (b) sléibhte | ☐ | |
| (c) aibhneacha | ☐ | (d) tránna | ☐ | (1) |

***4.*** De ghnáth, is é a bhíonn le fáil i 'limistéar tráchtála' ná mórán:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) crann | ☐ | (b) tithe | ☐ | |
| (c) monarchana | ☐ | (d) oifigí agus siopaí | ☐ | (1) |

***5.*** Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, is í an tsiombail do bhrú óige ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) triantán dearg | ☐ | (b) ciorcal le cearnóg timpeall air | ☐ | |
| (c) réalta ghorm | ☐ | (d) an litir mhór 'H' | ☐ | (1) |

***6.*** Is é an t-ainm a tugadh ar mhanaigh a rinne taifead ar imeachta trína scríobh síos ná:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) scríobhaithe | ☐ | (b) easpaig | ☐ | |
| (c) poitigéirí | ☐ | (d) cairdinéil | ☐ | (1) |

***7.*** Tháinig na Lochlannaigh go hÉirinn:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (a) de shiúl na gcos | ☐ | (b) ar bhád | ☐ | |
| (c) ar chapall agus cairt | ☐ | (d) ar thraein | ☐ | (1) |

***8.*** Is ionaid iad páirceanna peile, cúirteanna leadóige agus cúrsaí gailf:

(a) do chaitheamh aimsire ☐ (b) d'airgeadas ☐

(c) do thaighde ☐ (d) d'oideachas ☐ (1)

***9.*** Is é seo an lógó atá ag grúpa ar a dtugtar:

(a) Trócaire ☐ (b) Cumann na Croise Deirge ☐

(c) Amnesty International ☐ (d) Oxfam ☐ (1)

***10.*** D'fhéadfaí an móta timpeall ar chaisleán a thrasnú ag úsáid:

(a) túirín ☐ (b) daingean ☐

(c) droichead tógála ☐ (d) forbhalla ☐ (1)

***11.*** Tháinig na Normannaigh:

(a) ón nGearmáin ☐ (b) ón Normainn sa Fhrainc ☐

(c) ó hAlbain ☐ (d) ón Spáinn ☐ (1)

***12.*** Cé acu díobh seo a leanas atá mar fhoinse fuinnimh **IN-ATHNUAITE**?

(a) gual ☐ (b) gás ☐

(c) tonnchumhacht ☐ (d) ola ☐ (1)

***13.*** Thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch:

(a) sa Fhrainc ☐ (b) sna Stáit Aontaithe ☐

(c) sa tSualainn ☐ (d) sa Bhreatain ☐ (1)

***14.*** Is é is cumhacht <u>na gréine</u> ann ná:

(a) cumhacht ón ngaoth ☐ (b) cumhacht ó thonnta ☐

(c) cumhacht ó ola ☐ (d) cumhacht ó sholas na gréine ☐ (1)

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**

**(6 mharc)**

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Nósanna adhlactha nó sochraide

**NÓ**

(b) Saol duine shaibhir

**NÓ**

(c) Éadaí a chaith siad

**NÓ**

(d) Uirlisí troda a d'úsáid saighdiúir

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fúithi ná ____________________

(6)

**(C) ATHCHÚRSÁIL DRAMHAÍOLA** **(6 mharc)**

**Féach ar an bpictiúr thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.**

**Taispeánann an pictiúr araidí glasa ag fanacht lena mbailiú ar bhóthar i mBaile Átha Cliath.**



***Fótagraf ó O'Dea ag WikiCommons***

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** chineál dramhaíl tí ar féidir iad a athchúrsáil.

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________ (3)

***2.*** Ainmnigh **DHÁ** chineál táirge a d’fhéadfadh a dhéanamh as ábhar athchúrsáilte.

________________________________________________

________________________________________________


________________________________________________ (3)

# CEIST 2

24 marc

**Freagair cuid (A) NÓ cuid (B)**

**(A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS** **(24 marc)**




Déan staidéar ar an ngraf seo, a thaispeánann na hathruithe ar úinéireacht talún in Éirinn idir 1603 agus 1700. Ansin, freagair na ceisteanna seo a leanas.

***1.*** I 1603, cén céatadán (%) den talamh a bhí faoi úinéireacht ag na:

Caitlicigh: ________________________ Protastúnaigh: __________________________ (2)

***2.*** I 1700, cén céatadán (%) den talamh a bhí faoi úinéireacht ag na:

Caitlicigh: ________________________ Protastúnaigh: __________________________ (2)

***3.*** Tabhair cúis **AMHÁIN** leis an hathruithe ar úinéireacht talún a thaispeántar sa ghraf.

_____________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________________ (4)

***4.*** Cén fáth ar cheap na Briotanaigh go raibh gá le plandálacha a dhéanamh in Éirinn?

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (4)

***5.*** Tabhair **DHÁ** thoradh a bhí ar phlandálacha in Éirinn sa 17ú h-aois?

Toradh 1: ______________________________

______________________________

Toradh 2: ______________________________

______________________________ (4)

***6.*** Scríobh faoin gcaoi ar athraigh na plandálacha in Éirinn saol lonnaitheora **NÓ** saol Éireannaigh dhúchasaigh.

*Leideanna (más mian leat iad a úsáid) – teanga, feirmeacha, creideamh, dlíthe, tithe*

Scríobhfaidh mé faoi shaol ______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (8)

**NÓ**

**AN BHRASAÍL** **(24 marc)**

**Féach ar an eolas agus ar an bhfótagraf thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.**

**Favela Rocinha, Rio de Janeiro**



***Fótagraf: Chensiyuan***

Tá Rocinha ar an favela is mó agus ar cheann de na cinn is sine in Rio de Janeiro sa Bhrasaíl. Is anseo atá cónaí ar mhórán teaghlach le breis agus 30 bliain. Le linn na 1960daí agus 1970daí, b'as adhmad nó cairtchlár a bhí formhór na dtithe déanta, ach anois, is as brící atá nach mór na tithe ar fad déanta agus tá soláthar uisce agus leictreachais acu.

Tharla na feabhsúcháin seo mar gheall ar ghrúpaí 'féinchabhrach'. Chuir an rialtas roinnt airgid ar fáil agus d'oibrigh daoine áitiúla le chéile iad féin chun a gceantar a fheabhsú. Tá mórán fadhbanna fós sna favelas, ach tá an tithíocht níos fearr, tá freastal scoile ag ardú, tá sé níos éasca teacht ar chúram sláinte agus tá an cháilíocht beatha i bhfad níos fearr ná mar a bhíodh sé.

***1.*** Cén chathair ina bhfuil Rocinha? ______________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh **DHÁ** ábhar a úsáideadh i dtithe i Rocinha sna 1960daí agus 1970daí.

______________________ agus ______________________ (2)

***3.*** Cad is grúpa 'féinchabhrach' ann?

______________________________________________

______________________________________________ (4)

***4.*** Aistríonn mórán daoine ó cheantair thuaithe sa Bhrasaíl chuig na cathracha móra. Tabhair **DHÁ** chúis a n-aistríonn daoine chuig na cathracha.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

**Tá mórán de na favelas sa Bhrasaíl nach bhfuil chomh forbartha le Rocinha. Tá cuid de na favelas fós déanta as adhmad agus cairtchlár. Is féidir leo a bheith an-dainséarach mar áiteanna cónaithe.**

***5.*** Tabhair **TRÍ** shampla den chaoi a bhféadfadh an saol a bheith dainséarach i **FAVELA.**

(6)



*Fótagraf: Nate Cull*



*Fótagraf: Tetrakys*

***6.*** Scríobh faoi bhealaí a bhféadfadh daoine a chónaíonn i **FAVELA** áit chónaithe níos fearr a dhéanamh as.
*Leideanna: oideachas, féinchabhair, bailiú bruscair, soláthar uisce, ionaid sláinte, 7rl.*


(6)

# CEIST 3

24 marc

**Freagair cuid (A), agus ansin freagair cuid (B) nó (C)**

## (A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 mharc)





**Páistí ag obair i monarchana**





**Athruithe i bhfeirmeoireacht/i dtalmhaíocht**





**Bailte móra le linn na Réabhlóide Tionsclaíche**

Agus tú ag úsáid na bhfótagraf agus na líníochtaí ar an leathanach thall chun cabhrú le do chuimhneamh, scríobh an méid agus is féidir leat faoi

**DHÁ CHEANN** díobh seo a leanas:

- Oibrithe monarchan le linn na Réabhlóide Tionsclaíche
- Conas a d'athraigh feirmeoireacht le linn na Réabhlóide Talmhaíochta agus Tionsclaíche
- Dálaí maireachtála i mbailte móra le linn na Réabhlóide Tionsclaíche

Scríobhfaidh mé faoi ____________________

(6)

Scríobhfaidh mé faoi ____________________

(6)

**FREAGAIR CUID (B) NÓ CUID (C)**

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

**Taispeánann na fótagraif seo saighdiúirí Briotanacha ag troid sa Chéad Chogadh Domhanda. Féach orthu agus freagair na ceisteanna thíos.**





***1.*** Ainmnigh **DHÁ** uirlis troda nua a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda.

______________________________________ agus ______________________________________ (2)

***2.*** Cad ba chiall le 'Latrach an Áir'?

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________(2)

***3.*** Scríobh alt gearr faoi **CHEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Saighdiúirí Éireannacha sa Chéad Chogadh Domhanda;
(b) Na cúiseanna a bhí leis an gCéad Chogadh Domhanda;
(c) An saol sna Trinsí;
(d) Suaitheadh catha.

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________ (8)

**NÓ**

## (C) AN DARA COGADH DOMHANDA (12 mharc)







**Le linn an Dara Cogadh Domhanda, thóg mórán daoine i gcathracha sa Bhreatain scáthláin aer ruathair ina gcuid gairdíní. Ní raibh sé costasach iad seo a thógáil, ach shábháil siad beatha mórán daoine.**

*1.* Cén fáth ar theastaigh na scáthláin seo? ______________________________

______________________________ (2)

*2.* Sa ngriangraf cad iad na boscaí atá á dtabhairt isteach sa scáthlán ag na daoine?

______________________________ (2)

*3.* Scríobh faoi **cheann amháin** díobh seo a leanas:

(a) Ciondáil; (b) Campaí géibhinn; (c) Aslonnú; (d) An Fhrithbheartaíocht.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (8)

CEIST 4

24 marc

**AN DOMHAN ÉAGOTHROM - OIDEACHAS** **(12 mharc)**


**Féach ar an bhfótagraf agus freagair na ceisteanna a leanann é:**



*Fótagraf: Nathan Kennedy, Carleton College, 2007, le caoinchead*

Tógadh an pictiúr seo i scoil i Mailí san Afraic.

I Mailí, is minic a bhíonn fadhb ag scoileanna le freastal mar go mbíonn daltaí tinn ó bheith ag ól uisce salach, nó go dteastaíonn siad óna dtuismitheoirí chun dul faoi dhéin uisce glan a d'fhéadfadh a bheith na mílte ó bhaile. Ar cheann de na grúpaí a chabhraíonn le scoileanna i Mailí tá grúpa Gearmánach darb ainm Schule-Mali a chabhraíonn le daoine áitiúla toibreacha d'uisce glan a thógáil in aice lena gcuid scoileanna. De bharr na dtoibreacha nua tá daltaí níos sláintiúla agus is féidir leo freastal níos rialta a dhéanamh ar scoil ar feadh tréimhse níos faide. Dá fhad a fhanann páiste ag freastal ar an scoil is lú an seans go mbeidh siad ag maireachtáil i mbochtaineacht.



*Fáisc-ealaín ó wpclipart.com*



*Fótagraf – www.schule-mali-de*

Taispeánann an fótagraf ar dheis ceann de na toibreacha a thóg 'Schule Mali' in aice le scoil.

***1.*** Dá fhad a fhanann páiste ar scoil, is lú an seans go mbeidh siad ag maireachtáil i _______________ (2)

***2.*** Is é an t-ainm atá ar an ngrúpa Gearmánach a chabhraíonn le toibreacha a thógáil in aice le scoileanna i Mailí ná S________________________ M________________________ . (2)

***3.*** Tabhair **DHÁ** chúis go mb'fhéidir nach ndéanfadh dalta i Mailí freastal rialta ar an scoil.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ (2)

***4.*** An smaoineamh maith é tobar a thógáil in aice le scoil? Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***5.*** Tabhair **DHÁ** chúis a bhfágann roinnt daltaí in Éirinn an scoil roimh an Ardteistiméireacht.

1. ______________________________________________

2. ______________________________________________ (2)

***6.*** An dóigh leat go bhfaigheann mórán daltaí i Mailí an deis dul chuig coláiste nó ollscoil?

Is dóigh ☐ Ní dóigh ☐ Tabhair **DHÁ** chúis le do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***7.*** Scríobh faoi **CHEITHRE** dhifríocht idir do sheomra ranga féin agus an seomra ranga san fhótagraf thuas ar barr.
*D'fhéadfá trealamh, leabhair, an líon daltaí sa rang, éide, deasca 7rl a lua.*

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(8)

***8.*** Mol bealach **AMHÁIN** a bhféadfadh do scoil cabhrú le scoil i Mailí.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(4)

# CEIST 5

24 marc

**Déan deimhin go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an léarscáil 1: 50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an t-aerfótagraf a thagann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf baile Chora Droma Rúisc agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Ainmnigh **DHÁ** bhóthar réigiúnach a thaispeántar ar an léarscáil.

________________________________________ agus ____________________________________ (4)

***2.*** Ó bheith ag féachaint ar an léarscáil, marcáil na ráitis seo **FÍOR** nó **BRÉAGACH** de réir mar is cuí.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| a. | Tá Cora Droma Rúisc suite cois abhann | FÍOR | ☐ | BRÉAGACH | ☐ |
| b. | Tá Cora Droma Rúisc suite i gceantar an-sléibhtiúil | FÍOR | ☐ | BRÉAGACH | ☐ |
| c. | Tá aerfort i gCora Droma Rúisc | FÍOR | ☐ | BRÉAGACH | ☐ |
| d. | Tá stáisiún dóiteáin i gCora Droma Rúisc | FÍOR | ☐ | BRÉAGACH | ☐ |

(4)

***3.*** Ag úsáid na léarscáile, tabhair ainmneacha **DHÁ** loch sa cheantar.

__________________________________ agus ________________________________________ (4)

***4.*** Ag féachaint ar an **bhfótagraf**, cén fhianaise atá ann go n-úsáideann mórán daoine Cora Droma Rúisc mar bhunáit i gcomhair saoirí bádóireachta?

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________ (4)

***5.*** Cad a bheadh le fáil agat ag G896 017?

__________________________________________________________________________________ (4)

***6.*** Tá turasóir a bhfuil suim aige/aici i **rothaíocht agus sa stair** ar cuairt i gCora Droma Rúisc.
Ag úsáid na léarscáile agus an fhótagraif, cad iad na gníomhaíochtaí a d'fhéadfá a mholadh dóibh a dhéanamh sa cheantar?

*Leid: G 97 02*

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________

__________________________________________________________________________________ (4)